Ag an Leabharlann

Tasc A

Rólimirt

Tá tusa agus do chara sa leabharlann i ndiaidh am scoile. Tá sibh ar lorg leabhar le léamh. Tosaíonn sibh ag labhairt agus ag plé na n-údar agus na leabhar a bhfuil dúil agaibh iontu. Bain úsáid as na ceisteanna seo a leanas le tacú leis an chomhrá. Bí cinnte go mbíonn seal ag an bheirt agaibh na ceisteanna a fhreagairt. Ná déan dearmad freagairt leis an bhriathar nuair is féidir.

1. **An fearr leat leabhar ficsin nó neamhfhicsin? Cén fáth?**
2. **Cad é an leabhar is déanaí a léigh tú? An dtig leat cur síos a dhéanamh ar phlota an scéil?**
3. **An bhfuil údar ar leith a bhfuil dúil agat ann? An dtig leat sampla a thabhairt de chuid de na leabhair a scríobh sé nó sí?**
4. **Ar amharc tú ar scannán a bhí bunaithe ar leabhar a léigh tú? Cad é a bhí ann agus an raibh difear mór idir scéal an leabhair agus scéal an scannáin?**
5. **An bhfuil moltaí ar bith agat féin maidir le leabhar ar leith a léamh? Cén fáth?**
6. **An dóigh leat go léann tú go leor? Nó an dtiocfadh leat feabhas a chur ar do chuid léitheoireachta?**
7. **An bhfuil carachtar a thaitin leat i leabhar a léigh tú? Cén fáth a dtaitníonn an carachtar seo leat?**
8. **I do bharúil, an bhfuil go leor úrscéalta Gaeilge ar fáil do dhaoine óga? Ar léigh tú úrscéal Gaeilge a raibh an-dúil agat ann?**

Seo frásaí úsáideacha agus cora cainte le tacú leat

- Ag an leabharlann
- Leabhair a léamh
- Úrscéal
- Leabhair fhicsin/neamhfhicsin
- Carachtar/carachtair
- Plota an scéil
- Údar/údair
- Tá dúil as cuimse agam san údar seo. Tá an-dúil agam sna leabhair seo.
- Déanaim mo sheacht ndícheall bheith ag léamh gach lá.
- Cuireann an léitheoireacht le mo scileanna scríbhneoireachta.
- Úrscéalta Gaeilge/Béarla
- Cúlra an scéil
- Blurba
- Achoimre ar an scéal
- Carachtair thábhachtacha sa scéal
- Tús, lár agus deireadh an scéil
- Teideal an leabhair
- Mholfainn/Ní mholfainn do dhaoine eile an leabhar seo a léamh
- cionn is ....
- An chuid is fearr den scéal ná ...
- Leabhair eile a scríobh an t-údar céanna
- Maisitheoir

© CCEA 2022

Ag an Leabharlann

Seanfhocail

Tús maith leath na hoibre.
An rud is annamh is iontach.

Samhlacha

Chomh hiontach le sneachta dearg.
Chomh hannamh le sneachta sa tsamhradh.
Ar mhuin na muice.
Buaicphointe.

Tasc B

1. Clúdach leabhair a dhearadh

Roghnaigh leabhar a bhfuil an-dúil agat ann. Cuimhnigh siar ar na heachtraí agus ar phlota an scéil. Scríobh cúpla pointe síos. Breac síos ainmneacha na gcarachtar sa scéal fosta. Samhlaigh gur tusa maisitheoir an leabhair seo. Ba mhaith leat go gceannódh a oiread daoine agus is féidir an leabhar. Tá tusa i mbun chlúdach an leabhair a dhearadh agus a mhaisiú. Cad iad na híomhánna a bhainfidh tú úsáid astu? Cad iad na dathanna is fearr le léitheoirí a mhealladh? Ná déan dearmad go gcaithfidh tú teideal an leabhair a scríobh fosta – cén sórt scríbhneoireachta a bhainfidh tú úsáid aisti? Nuair atá tú críochnaithe, taispeáin an clúdach don rang nó do do chara. Faigh amach uathu an mbeadh suim acu a leithead de leabhar a cheannach.

2. Léirmheas Leabhair

Cuireadh ceist ort léirmheas leabhar a scríobh don raidió.
Caithfidh tú roinnt rudaí a scríobh faoin úrscéal dheireanach a léigh tú. Tá sé tábhachtach go meallann tú léitheoirí leis an leabhar a léamh. Seo pointí le cuidiú leat:

- Cad é teideal an leabhair?
- Cé hé nó cé hí údar agus maisitheoir an scéil?
- Scríobh cur síos gairid ar eachtraí agus ar phlota an scéil. Bí cúramach nach dtugann tú barraíocht eolais don léitheoir – níor mhaith leat go mbeadh an scéal uilig ar eolas ag an léitheoir sula léann sé nó sí é!
- Scríobh cúpla pointe faoi na fáthanna ar chóir do dhuine eile an leabhar seo a léamh, mar shampla, ba chóir an leabhar seo a léamh mar ... nó, tá an leabhar seo thar barr cionn is ...

Má tá an t-am agat, thiocfadh leat taifeadadh a dhéanamh díot féin ag cur síos ar an méid atá scríofa agat. Is féidir seo a dhéanamh ar iMovie má tá iPad sa scoil. Thiocfadh le cara leat tú a cur faoi agallamh.

© CCEA 2022